# Téarmaí Tagartha: an ceathrú Gairm Tograí

# Tionscnaimh Ghníomhaíochtaí Nuálacha Uirbeacha

# 15/10/2018 – 31/01/2019

## Clár Ábhar

1. Réamhrá ..... 3
2. Údaráis incháilithe – Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh ..... 4
2.1 Iarrthóirí incháilithe faoin gcéad chatagóir: ..... 6
2.2 Is comhlachas/grúpa d'údaráis uirbeacha gan stádas dlíthiúil ceirtleán eagraithe atá ina n-iarratasóirí incháilithe sa dara catagóir. ..... 8
2.3 Riachtanais choiteanna d'údaráis uirbeacha incháilitheachta ..... 9
3. Clúdach téamach le haghaidh an cheathrú Ghairm Tograí ..... 10
3.1 AISTRIÚ DIGITEACH ..... 12
3.2 ÚSÁID INBHUANAITHE NA TALÚN, RÉITIGH ATÁ BUNAITHE AR NÁDÚR ..... 14
3.3 BOCHTAINEACHT UIRBEACH ..... 17
3.4 SLÁNDÁIL UIRBEACH ..... 19
4. Prionsabal Cistiúcháin ..... 21
5. Giniúint agus forbairt tionscadail ..... 23
5.1 Comhpháirtíocht le haghaidh Gníomhaíochtal Nuálacha Uirbeacha ..... 23
5.2 Gníomhaíochtaí Tionscadail ..... 24
5.3 Línte buiséid agus costais incháilithe ..... 25
6. An próiseas iarratais ..... 26
7. An próiseas roghnúcháin ..... 27
7.1 Seiceáil Incháilitheachta ..... 27
7.2 Measúnacht Straitéiseach ..... 29
7.3 Measúnacht Oibríochtúil ..... 30
7.4 An córas scórála don mheasúnacht ..... 31
8. Soláthar poiblí, iniúchadh agus státchabhair ..... 31
9. Conas cúnamh a fháil ..... 33
10. Dátaí tábhachtacha ..... 33

## 1. Réamhrá

Mar a luaitear in Airteagal 8 den Rialachán maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE)[1], féadfaidh CFRE tacaíocht a thabhairt do ghníomhaíochtaí nuálacha i réimse na forbraíochta uirbí inbhuanaithe. Sa chreat seo, sheol an Coimisiún Eorpach an Tionscnamh Gníomhaíochtaí Nuálacha Uirbeacha, is é sin Urban Innovative Actions (UIA), d'fhonn aithint agus tástáil a dhéanamh ar réitigh nua lena dtugtar aghaidh ar shaincheisteanna a bhaineann le forbraíocht uirbeach inbhuanaithe agus lena mbaineann ábharthacht ag leibhéal an Aontais.

Is é príomhaidhm an Tionscnaimh UIA, dá bhrí sin, ná spás agus acmhainní a chur ar fáil d'údaráis uirbeacha ar fud na hEorpa le gur féidir leo tástáil a dhéanamh ar smaointe dána neamhchruthaithe lena dtugtar aghaidh ar dhúshláin idircheangailte agus a thástáil conas a fhreagraíonn siad do chastacht an fhíorshaoil. Nuálach, ar ardchaighdeán, deartha agus curtha chun feidhme le rannpháirtíocht phríomh-gheallsealbhóirí, dírithe ar thorthaí agus inaistrithe a bheidh na tionscadail a dtabharfar tacaíocht dóibh.

Ba chóir go dtapódh údaráis uirbeacha an deis atá á tairiscint ag an Tionscnamh UIA chun bogadh ó "ghnáth-thionscnaimh" (a d'fhéadfaí bheith maoinithe ag foinsí "traidisiúnta" maoinithe, lena n-áirítear cláir phríomhshrutha CFRE) agus na rioscaí a ghlacadh chucu féin chun smaointe uaillmhianacha agus cruthaitheacha a fhíoradh ina bhfréamhshamhlacha ar féidir iad a thástáil i bhfíor-shuímh uirbeacha. Lena chur ar bhealach eile, féadfaidh an UIA tacaíocht a thabhairt do thionscadail phíolóta a mbaineann riosca rómhór leo le go maoineofaí iad ag foinsí traidisiúnta maoinithe, ar choinníoll go bhfuil siad thar a bheith nuálach agus turgnamhach.

Is ionann agus thart ar EUR 372 milliún buiséad CFRE atá ag an Tionscnamh UIA.

Roghnófar tionscadail UIA trí Ghairmeacha Tograí ar ábhar amháin nó níos mó a mholfaidh an Coimisiún gach bliain idir 2015 agus 2020. Féadfaidh gach tionscadal cómhaoiniú CFRE ar fiú EUR 5 mhilliún ar a mhéad é a fháil. Ba cheart an tionscadal a chur chun feidhme laistigh d'uastréimhse 3 bliana[2]. Níl aon íosmhéid sheasta i bhfeidhm maidir le buiséid tionscadail UIA. D'fhéadfadh gurbh ísle

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1301/2013 maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX:32013R1301.
[2] I gcásanna eisceachtúla, a bhfuil údar maith leo d'fhéadfaí síneadh 1 bhliain amháin, ar a mhéad, a chur le tionscadail (féach Treoir UIA le haghaidh tuilleadh faisnéise).

an dóchúlacht go roghnófaí tionscadail bheaga (i.e. tionscadail ina n-iarrtar níos lú ná EUR 1 mhilliún ó CFRE) mar gurbh fhéidir go mbeadh sé doiligh dóibh a thaispeáint gur leor scála na ngníomhaíochtaí chun tátail fhiúntacha a chruthú. D'fhéadfadh, áfach, tionscadail a bhfuil costais shuntasacha infheistíochta ag baint leo bheith ábalta a thaispeáint gur fhóir na costais don chuspóir agus gur caitheadh an t-airgead go cuí.

Ionstraim de chuid an Aontais EorpaighChoimisiúin is ea an Tionscnamh UIA agus is í Ard-Stiúrthóireacht an Bheartais Réigiúnaigh agus Uirbigh de chuid an Choimisiúin Eorpaigh a bhainistíonn í faoi bhainistíocht indíreach. D'ainmnigh an Coimisiún Région Hauts-de-France[3] mar Eintiteas a gCuirfear Cúram Air chun an Tionscnamh a chur chun feidhme. Bunaíodh Rúnaíocht Bhuan chun an Tionscnamh a bhainistiú[4].

**Leis na Téarmaí Tagartha seo, tá an tEintiteas a gCuirfear Cúram Air ag iarraidh ar údaráis incháilithe tograí tionscadail a chur isteach faoi chuimsiú an cheathrú Ghairm Tograí. Leithdháiltear buiséad idir 80-100 milliún EUR le haghaidh na Gairme Tograí seo.**

Leagtar amach sa doiciméad seo an riachtanas agus an próiseas atá le leanúint don cheathrú Gairm Tograí. Ba cheart é a léamh i gcomhar le Treoir an Tionscnaimh UIA agus leis an treoir don Fhoirm Iarratais , atá le fáil ar shuíomh Gréasáin an Tionscnaimh UIA agus é seo nuashonraithe sa chreat don cheathrú Gairm Tograí.

## 2. Údaráis incháilithe – Cé a fhéadfaidh iarratas a dhéanamh

Deimhnítear le hAirteagal 2 den Rialachán maidir le Gníomhaíochtaí Nuálacha Uirbeacha go bhféadfaidh na húdaráis seo a leanas iarratas a dhéanamh ar thacaíocht chun tabhairt faoi thionscadail UIA:

[3] Roimhe seo Région Nord-Pas de Calais
[4] Féadfar teacht ar eolas agus sonraí teagmhála a bhaineann leis an Rúnaíocht Bhuan anseo ag:: http://www.uia-initiative.eu/en/about-us/meet-team.

- Aon údarás uirbeach de chuid aonad riaracháin áitiúil atá sainmhínithe, de réir an mhéid uirbithe atá ann, mar chathair, mar bhaile nó mar bhruachbhaile agus ina gcónaíonn 50 000 áitritheoir ar a laghad.
- Aon chomhlachas nó aon ghrúpa d'údaráis uirbeacha de chuid aonaid riaracháin áitiúil atá sainmhínithe, de réir an mhéid uirbithe atá iontu, mar chathair, mar bhaile nó mar bhruachbhaile agus a bhfuil 50 000 áitritheoir mar dhaonra iomlán acu; féadfaidh go n-áirítear leo sin comhlachais trasteorann nó grúpaí trasteorann agus comhlachais nó grúpaí i réigiúin dhifriúla agus/nó i mBallstáit dhifriúla.

Údaráis uirbeacha incháilithe amháin, de réir mar a shainítear iad in Airteagal 2 den Ghníomh Tarmligthe, is féidir Foirm Iarratais a chur isteach sa chreat do Ghairm Tograí UIA.

Is í Eurostat a sholáthraíonn sainmhínithe ar aicmiú an aonaid riaracháin áitiúil agus ar choincheap an mhéid[5] uirbithe agus tá na figiúirí ar líon na n-áitritheoirí bunaithe ar eolas atá curtha ar fáil ag Eurostat sa **Tábla Comhghaoil LAU2-NUTS2010, EU28 (2012)**[6]. Cé gur eisigh Eurostat táblaí comhghaoil is déanaí, ní chuimsítear iontu faisnéis do gach Ballstát AE; tá sé sin le fáil sa **tábla Comhghaoil LAU2-NUTS2010, EU28 (2012)**. Is é sin an fáth a mbainfidh Rúnaíocht Bhuan an UIA úsáid as an tábla sin mar phríomhdhoiciméad tagartha don Seiceáil Incháilitheachta. Moltar d'iarratasóirí tagairt a dhéanamh don Tábla Comhghaoil sin chun an incháilitheacht a dheimhniú agus chun eolas a chur ar fáil faoi na haonaid riaracháin áitiúla atá san áireamh sna teorainneacha riaracháin agus faoi na figiúirí maidir le líon na n-áitritheoirí iontu. Mar sin féin, i gcas go léiríonn táblaí Eurostat is déanaí nó figiúirí nua ó institiúidí staidrimh náisiúnta athrú suntasach ar staid incháilitheachta an iarratasóra (e.g. tá aonad riaracháin áitiúil a measadh roimhe seo mar aonad tuaithe anois ina aonad uirbeach de réir na céime uirbithe), moltar go mór don iarratasóir dul i dteagmháil leis an Rúnaíocht Bhuan roimh an aighneacht a chur isteach chun a staid incháilitheachta a sheiceáil.

Tugtar faisnéis bhreise ar incháilitheacht na n-údarás uirbeach sna hailt seo a leanas.

[5] An sainmhíniú ar Aonad Riaracháin Áitiúil agus ar an gcéim uirbithe: http://ec.europa.eu/eurostat/web/nuts/local-administrative-units ; http://ec.europa.eu/eurostat/statistics-explained/index.php/Glossary:Degree_of_urbanisation.

[6] Féadfar An Tábla Comhghaoil LAU2-NUTS2010, EU28 (2012) a íoslódáil anseo: http://ec.europa.eu/eurostat/web/nuts/local-administrative-units.

### 2.1 Iarrthóirí incháilithe faoin gcéad chatagóir:

- Bardas/comhairle cathrach a bhfuil a dteorainneacha riaracháin tagairt do aonad riarcháin áitiúil amháin. Sa chás seo is mar chathair, bhaile agus bhruachbhaile a aicmeofar an t-aonad riaracháin áitiúil de réir an mhéid uirbithe atá ann (cód 1 agus/nó 2 sa Tábla Comhghaoil – faoin gcolún Méid a Uirbithe) agus ina gcónaíonn 50 000 áitritheoir ar a laghad

- Bardas/comhairle cathrach a bhfuil a dteorainneacha riaracháin tagairt do roinnt aonad riaracháin áitiúil. Is amhlaidh an cás do roinnt bardas/comhairle cathrach sa Phortaingéil, sa Ríocht Aontaithe, in Éirinn, sa Ghréig, i Málta agus sa Laitivia, áiteanna nach bhfreagraíonn sainmhíniú Eurostat ar aonad riaracháin áitiúil do bhardas/chomhairle cathrach ach go bhfreagraíonn sé d'aonaid infrea-bhardais (paróistí) nó d'aonaid staitistiúla (toghbhardaí). Sa chás seo beidh an bardas/comhairle cathrach incháilitheach má bhíonn 50, 000 áitritheoir mar dhaonra iomlán aige agus má bhíonn tromlach na n-áitritheoirí (níos mó ná 50%) ina gcónaí in aonad riaracháin áitiúil atá sainmhínithe mar chathair, mar bhaile nó mar bhruachbhaile, de réir na céime uirbithe a (cód 1 agus/nó 2 sa Tábla Comhghaoil – faoin gcolún Céim Uirbithe)

- Ceirtleáin eagraithe ar comhlachas/grúpa d'údaráis uirbeacha iad a chomhlíonann na critéir seo a leanas:

    - Go bhfuil siad aitheanta go hoifigiúil ag an dlí náisiúnta mar leibhéal de rialtas áitiúil (nach ionann é agus an leibhéal réigiúnach agus an leibhéal áitiúil) agus a bhfuil sé de dhualgas ar bhardais/chomhairlí cathrach bheith nasctha leis an eagraíocht fhorbhardasach (mar sin de, ní áirítear sa chatagóir seo comhlachais a thagann le chéile ar bhonn deonach, ar chúis faoi leith agus/nó ar feadh tréimhse teoranta)
    - Go bhfuil sé le bheith comhdhéanta de bhardais/chomhairlí cathrach amháin (mar sin de, sa chatagóir seo ní áirítear comhlachais a bhfuil institiúidí eile rannpháirteach iontu, ar nós ollscoileanna, comhlachais tráchtála, etc.)
    - Go bhfuil inniúlachtaí sonracha acu, arna socrú ag an dlí náisiúnta, arna thairmligean ag na bardais lena mbaineann réimsí beartas atá ábhartha don tionscadal UIA. Iarrtar ar chomhlachais tagairt chruinn a dhéanamh don chreat náisiúnta dlí. Beidh inniúlachtaí eisiacha ag na ceirtleán eagraithe maidir le dearadh agus cur i bhfeidhm i réimsí beartas ábhartha don tionscadal UIA

- Go mbeidh struchtúr polaitiúil faoi leith acu (agus ionadaíocht indíreach ann de na bardais a bhaineann leo) chomh maith le struchtúr riaracháin (sainfhoireann)

Seo a leanas samplaí de cheirtleáin eagraithe i gcreat an Tionscnaimh UIA:

- An Fhrainc: Métropoles, Communautés Urbaines, Communautés d'Agglomération and Communautés de Communes , Etablissements Publics Territoriaux
- An Iodáil: Città Metropolitane agus Unione di Comuni
- An Ghearmáin: Landkreis
- An Spáinn: Mancomunidades agus Area Metropolitana Barcelona
- An Ríocht Aontaithe: Comhúdaráis
- An Phortaingéil: Comunidades Intermunicipais (CIMs)

Grúpáil Eorpach um Chomhar Críochach (EGTC) a bhfuil a gcomhpháirtíochtaí déanta suas d'údaráis uirbeacha amháin (mar atá sainmhínithe thuas) agus a bhfuil saininniúlachtaí acu le haghaidh dearadh beartas agus cur chun feidhme ábhartha don Ghairm UIA agus measfar mar cheirtleáin eagraithe iad agus mar sin de féadfaidh siad iarratas a chur isteach i gcreat Gairmeacha do Thograí UIA mar Phríomhúdaráis nó mar Údaráis Uirbeacha Ghaolmhara. Ní mheasfar EGTCanna a bhfuil eagraíochtaí eile san áireamh ina gcomhpháirtíochtaí (e.g. Ballstáit, údaráis réigiúnacha, comhlachais, ollscoileanna, etc.) mar cheirtleáin eagraithe agus nó fhéadfaidh siad iarratas a chur isteach mar Phríomhúdarás nó mar Údarás Uirbeach Gaolmhar ach féadfaidh siad a bheith ina bPáirtnéirí Soláthair i dtogra arna chur isteach ag údarás incháilithe uirbeach. [7]

I gcreat an Tionscnaimh UIA, meastar ceirtleáin eagraithe mar aonad uirbeach aonair a dhéanann ionadaíocht thar ceann na mbardas/na gcomhairlí cathrach ar fad a bhaineann leis. Is mar gheall air seo a léireofar togra tionscadail a chuireann ceirtleán eagraithe isteach mar Phríomhúdarás Uirbeach.

Chun incháilitheacht na gceirtleán eagraithe a dheimhniú, déanfaidh an Rúnaíocht Bhuan seiceáil ar líon na n-áitritheoirí, go bhfuil ar a laghad 50, 000 áitritheoir agus tromlach (os cionn 50%) áitritheoirí

[7] Chun breis faisnéise a fháil ar róil agus fhreagrachtaí na bPríomhúdarás Uirbeach agus na nÚdarás Gaolmhar Uireach (agus na bPairtnéirí Soláthair) féadfaidh na hiarratasóirí tagairt a dhéanamh d'alt 5.1 de na Téarmaí Tagartha chomh maith le halt 2.1 de Threoir an UIA.

ina gcónaí sna haonaid riaracháin áitiúla a luaitear leis an gceirtleán atá sainmhínithe mar chathair, mar bhaile nó mar bhruachbhaile de réir an mhéid uirbithe atá ann.

### 2.2 Is comhlachas/grúpa d'údaráis uirbeacha gan stádas dlíthiúil ceirtleán eagraithe atá ina n-iarratasóirí incháilithe sa dara catagóir.

Ní féidir le comhlachas d'údaráis uirbeacha (comhlachais náisiúnta/reigiúnach d'údaráis áitiúla, comhaontuithe críche, forbairt ceantair, etc.) ná le húdaráis aonair uirbeacha nach bhfuil comhaontuithe comhair foirmiúla acu ach atá toilteanach cur isteach ar chreat an Tionscnaimh UIA i gcomhpháirt lena chéile, cur isteach air mar aon údarás uirbeach amháin.

Aithneoidh siad Príomhúdarás Uirbeach i measc na mbardas/gcomhairlí cathrach lena mbaineann siad agus tabharfaidh siad liosta de na cinn eile mar Údaráis Ghaolmhara Uirbeacha.

Chun bheith incháilithe aithneofar na húdaráis uirbeacha ar fad a bhaineann leis (Príomhúdaráis agus Údaráis Ghaolmhara) mar aonaid riaracháin áitiúla agus beidh siad sainmhínithe mar chathair, mar bhaile nó mar bhruachbhaile, de réir an mhéid uirbithe atá ann. I gcás údarás uirbeach a bhfuil a dteorainneacha riaracháin níos mó ná aonad riaracháin áitiúil amháin, tá feidhm ag na rialacha céanna atá san alt seo maidir leis an sainmhíniú ar mhéid an uirbithe a thuairiscítear thuas.

**Nota bene:** Faoi chuimsiú an cheathrú Gairm Tograí amháin agus do na tograí a dhíríonn ar an ábhar "Úsáid inbhuanaithe talún, réitigh bhunaithe ar an nádúr", agus na tograí sin amháin, féadfar údaráis uirbeacha a aithníonn EUROSTAT mar aonaid riaracháin áitiúla ach atá aicmithe mar aonaid tuaithe de réir mhéid a n-uirbithe a bheith rannpháirteach go heisceachtúil mar Údaráis Uirbeacha Ghaolmhara amháin. Tá sé i gceist go gcothófar leis sin naisc uirbeacha-tuaithe, rud atá an-ábhartha go deo maidir leis an ábhar seo. Chun a áirithiú go n-urramófar go hiomlán na ceanglais atá leagtha síos san Acht Tarmligthe, ní féidir aonaid riaracháin áitiúla a aicmítear mar aonaid tuaithe de réir mhéid a n-uirbithe a léiriú mar Phríomhúdaráis Uirbeacha (agus dá bhrí sin ní féidir leo tograí tionscadail a chur isteach) agus ní féidir a n-áitritheoirí a chur san áireamh chun teacht ar an íostairseach de 50,000 áitritheoir. Áiritheoidh an Príomhúdarás Uirbeach íostairseach na n-áitritheoirí agus le himeacht aimsire áiritheoidh na hÚdaráis Uirbeacha Ghaolmhara eile arna rangú ag Eurostat mar chathair, baile agus/nó bruachbhaile de réir mhéid a n-uirbithe.

Ní gá an nasc idir na Príomhúdaráis Uirbeacha agus na hÚdaráis Uirbeacha Ghaolmhara a chur ar bhonn foirmiúil ag am taiscthe na Foirme Iarratais. Sa chás go gceadaítear an togra agus go dtacaítear leis, soláthróidh Rúnaíocht Bhuan an UIA an Príomhúdarás Áitiúil le teimpléad de Chomhaontú Páirtnéireachta a síneofar ag na páirtnéirí ar fad a bhaineann leis (Príomhúdaráis agus Údaráis Uirbeacha Ghaolmhara agus Páirtnéirí Soláthair) le linn na míonna tosaigh den chéim chur chun feidhme.

Léirítear in eispéiris roimhe seo go dtéann tionscadail aonair a sholáthraíonn comhlachais nó grúpaí de chathracha nach bhfuil stádas mar cheirtleán eagraithe acu, a chuimsíonn níos mó ná 3 údarás uirbeacha (Príomhúdaráis agus Údaráis Ghaolmhara Uirbeacha) agus nach bhfuil tadhlach ó thaobh críche de, i mbaol comhleanúnachas a chailleadh agus go mbeidh deacrachtaí acu le torthaí fiúntacha a sholáthar. Mar sin, moltar gur cheart do chomhlachais agus/nó do ghrúpaí d'údaráis uirbeacha (nach bhfuil stádas mar cheirtleán eagraithe acu) ar mian leo iarratas a dhéanamh bheith tadhlach ó thaobh críche de agus féachaint le líon na nÚdarás Uirbeach Gaolmhar lena mbaineann a theorannú.

### 2.3 Riachtanais choiteanna d'údaráis uirbeacha incháilitheachta

Chomh maith leis na prionsabail atá leagtha amach thuas, baineann na prionsabail seo a leanas le gach údarás uirbeach incháilithe i gcreat an Tionscnaimh UIA:

- Tá na húdaráis uirbeacha ar fad lonnaithe i mBallstát an AE
- Féadfaidh údaráis uirbeacha incháilithe amháin, de réir mar a shainmhínítear thuas, foirm iarratais a chur isteach i gcreat Ghairm Tograí an UIA. Dearbhófar neamh-incháilithe Foirm Iarratais a chuireann Páirtnéir Soláthair isteach.
- Féadfar údaráis uirbeacha (mar a shainmhínítear thuas) bheith liostaithe i dtogra tionscadail amháin mar Phríomhúdarás agus/ nó mar Údaráis Ghaolmhara Uirbeacha. Coinnítear go leithleasach catagóir na bPáirtnéirí Soláthair d'institiúidí agus/nó eagraíochtaí nach n-aithnítear mar údaráis uirbeacha i gcreat an Tionscnaimh UIA
- Féadfaidh údarás uirbeach nó le ceirtleán eagraithe baint a bheith aige i dtogra tionscadail amháin i gcreat gach Gairme Tograí (fiú má chuirtear na tograí tionscadail seo isteach faoi ábhair éagsúla sa Ghairm chéanna Tograí). Tá feidhm ag an riail maidir leis na hÚdaráis Uirbeacha Ghaolmhara (féadfaidh bardas a bheith rannpháirteach i dtogra tionscadail amháin, cibé acu mar Phríomhúdarás Uirbeach nó mar Údarás Uirbeach Gaolmhar.

- Ní féidir le húdaráis uirbeacha ar tugadh tacaíocht dóibh cheana féin i dtionscadal de chuid an Tionscnaimh UIA i gcreat Ghairm Tograí roimhe seo Foirm Iarratais nua a chur isteach ar an ábhar céanna le linn fhad iomlán an Tionscnaimh.

Ní áirítear gníomhaireachtaí agus cuideachtaí (e.g. i réimse bainistíochta fuinnimh/dramhaíola, na forbartha eacnamaíochta, cur chun cinn na turasóireachta, etc.) atá ar lánúinéireacht nó ar pháirtúinéireacht ag an mbardas/gcomhairle contae mar aonaid riaracháin áitiúla agus mar sin de ní féidir iad a aithint mar údaráis uirbeacha incháilithe. Mar sin féin, féadfaidh na húdaráis seo baint a bheith acu sa pháirtnéireacht mar Pháirtnéirí Soláthair (féadfar breis faisnéise a fháil ar róil agus ar fhreagrachtaí na bPáirtnéirí Soláthair in alt 5.1 de na Téarmaí Tagartha agus in alt 2.1 de Threoir an UIA)

Bainfidh Rúnaíocht Bhuan an UIA, mar atá thuasluaite, leas as an bpríomhfhoinse tagartha, an scarbhileog Tábla comhfhreagrais LAU2-NUTS2010, EU28 (2012) chun deimhniú a dhéanamh de go gcomhlíontar leis na critéir incháilithe. Moltar go mór do na hiarratasóirí an scarbhileog a sheiceáil agus féinmheasúnú incháilitheachta a dhéanamh sula gcomhlánaítear an Fhoirm Iarratais.

Moltar go mór d’iarratasóirí teagmháil a dhéanamh le Rúnaíocht Bhuan an UIA i gcás go bhfuil bearna, neamhréireacht, nó amhras maidir le léirmhíniú sonraí a áirítear sa scarbhileog sula gcomhlánaítear an Fhoirm Iarratais le cur isteach.

Déanfaidh Rúnaíocht Bhuan an UIA idirchaidreamh le gach páirtnéir ábhartha, Eurostat san áireamh, le linn na seiceála incháilitheachta, leis an incháilíocht a dheimhniú.

## 3. Clúdach téamach le haghaidh an cheathrú Ghairm Tograí

Chinn an Coimisiún na hábhair ar féidir le hÚdaráis Uirbeacha aghaidh a thabhairt orthu tríd an Tionscnamh UIA a chur ar chomhréim leis na hábhair sin a shainítear i gcreat Chlár Oibre Uirbeach an AE.

Go sonrach, is ar líon teoranta ábhar a dhíreofar i ngach Gairm Tograí le haghaidh an Tionscnaimh UIA.

Le haghaidh an cheathrú Ghairm Tograí, féadfaidh iarratasóirí tograí tionscadail a chur isteach lena dtugtar aghaidh ar na hábhair seo a leanas:

- Aistriú Digiteach
- Úsáid inbhuanaithe talún, réitigh bunaithe ar an nádúr
- Bochtanas uirbeach
- Slándáil uirbeach

Iarrtar ar údaráis uirbeacha atá ag cur isteach ar chreatlach Ghairm an UIA ar Thograí rogha a dhéanamh ar cheann de na hábhair a bheartaítear. Tá an fhéidearthacht ag iarratasóirí, áfach, ceann de na hábhair a mholtar a roghnú. Ba cheart, áfach, cur chuige comhtháite a fhorbairt chun dul i ngleic ar dhóigh éifeachtach leis na dúshláin a aithnítear ann. Tá deis ag iarratasóirí cur síos a dhéanamh ar na nascana agus ar na seachtrachtaí a bhaineann le hábhair agus le réimsí eile beartas.

Mar a luadh, is mian leis an gCoimisiún go mbeartófar tograí tionscadail lena dtabharfar réitigh atá cruthaitheach, nuálach agus buanfasach chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin éagsúla a aithnítear. Ós rud é go mbeidh an Tionscnamh UIA ina shaotharlann le haghaidh smaointe nua, is é aidhm an Choimisiúin tástáil nua a spreagadh lena mbaintear leas as taithí ar dhisciplíní éagsúla. Chuige sin, sheachain an Coimisiún an iomarca saintreoracha a thabhairt maidir le cur síos a dhéanamh ar na cineálacha tionscadail a bhfuil sé ag súil lena mbeartú.

Maidir le tacú le Cuspóirí Téamacha agus le Tosaíochtaí Infheistíochta an CFRE, is gá go mbreathnaítear ar an tionscadal foriomlán mar thionscadal a thacaíonn le Cuspóirí Téamacha agus le Tosaíochtaí Infheistíochta an CFRE. Mar sin féin, beifear in ann tacú le tionscadail UIA a chuidíonn le Cuspóirí Téamacha 8-10 a chur i gcrích (i.e. na cinn atá dírithe níos mó ar chúrsaí sóisialta) a fhad is:

- Gur féidir a mheas go ndéanann an tionscadal foriomlán rannchuidiú éifeachtach maidir leis na cuspóirí téamacha agus na tosaíochtaí infheistíochta de chuid CFRE; agus
- Nach bhfuil an tionscadal dírithe go rómhór ar ghníomhaíocht a thagann faoi chuimsiú CSE de ghnáth.

Cuimhnigh air, i bpróiseas roghnaithe agus chur chun feidhme tograí tionscadail, go bhfuil ríthabhacht ag baint le comhlántacht agus sineirgí le cláir eile maoinithe an Aontais, chomh maith le tionscadail a

dtacaítear leo. Déanfaidh Coiste Roghnúcháin an UIA iarracht dúbailt ar bith a sheachaint agus iad ag déanamh cinntí ar na tionscadail a dtabharfar tacaíocht dóibh.

Sna hailt seo a leanas tá cur síos mionsonraithe ar na ceithre hábhar sa cheathrú Gairm Tograí de chuid an UIA.

## 3.1 AISTRIÚ DIGITEACH

### Sainmhíniú foriomlán agus comhthéacs na dtopaicí

Tá sé mar aidhm ag straitéis an Mhargaidh Aonair Dhigitigh deiseanna digiteacha a oscailt do dhaoine agus do ghnólachtaí agus feabhas a chur ar sheasamh na hEorpa mar cheannaire domhanda sa Gheilleagar Digiteach. Táthar ag súil go gcuirfidh an Margadh Aonair Dhigiteach €415 bhilliún in aghaidh na bliana leis an ngeilleagar agus go gcruthófar leis na céadta mílte post nua. Tugann forbairt eacnamaíoch sonraí na hEorpa le tuiscint go ndéanfar obair maidir le sonraí neamhphearsanta arna nginiúint ar mheaisín a rochtain agus a aistriú, obair maidir le dliteanas sonraí, idir-inoibritheacht agus caighdeáin. I Sochaí Chuimsitheach Dhigiteach beidh na scileanna cearta ag saoránaigh chun deiseanna an domhain dhigitigh a urghabháil agus cur leis na deiseanna atá acu poist mhaithe a bhaint amach. Ina theannta sin, soláthraíonn claochlú digiteach rialtas, lena n-áirítear soláthar seirbhísí poiblí cosúil le sláinte, deis chun freastal agus idirghníomhú níos fearr a dhéanamh i leith saoránach agus a bheith níos cuntasaí agus seirbhísí níos fearr agus níos éasca le húsáid a chur ar fáil.

### Ábharthacht agus ról na n-údarás uirbeach

Tugann an digitiú deis do chathracha uile AE a bheith níos iomaíche agus níos tarraingtí i leith na saoránach agus na ngnólachtaí. Is gné athfhillteach é an t-aistriú digiteach san obair a rinne an Chomhpháirtíocht Eorpach um Nuáil maidir le Cathracha Cliste agus Comhphobail Chliste ón mbliain 2014 i leith agus pléadh é go críochnúil freisin faoi chuimsiú na comhpháirtíochta tiomnaithe den Chlár Oibre Uirbeach don AE. Tríd is tríd, is féidir a thabhairt i gcrích go mbíonn ról lárnach ag cathracha san aistriú digiteach, agus méadú ag teacht ar an ról sin i gcónaí, mar gur treocht fadtéarmach ollmhór é an t-uirbiú agus soláthraíonn cathracha cuid mhaith de na seirbhísí poiblí do shaoránaigh agus cruthaíonn siad na coinníollacha cuí le haghaidh dul chun cinn gnólachtaí. Tá seirbhísí poiblí digiteacha ríthábhachtach chun an t-ualach riaracháin ar shaoránaigh a laghdú, chun idirghníomhaíochtaí le húdaráis phoiblí a dhéanamh níos tapúla, níos áisiúla agus níos saoire chomh maith le hardú ar chaighdeán na seirbhísí a sholáthraítear. Is féidir le cathracha a bheith ina áit iontach freisin le haghaidh nuálaíochta agus mar sin cuireann siad le fás eacnamaíoch a ghiniúint; trí thimpeallacht atá

cairdiúil don ghnó a chinntiú, rud a chuirfidh ar chumas gnólachtaí atá sonraíbhunaithe a bheith ag fás agus a bheith ag déanamh go maith; agus trí nuálaíocht a tharraingt chuig na margaí le cumhacht mhór ceannaigh. Soláthróidh na cathracha na háiteanna agus na hardáin ina nascann saoránaigh agus cuideachtaí a gcuid gníomhaíochtaí. A bhuí leis an digitiú, is féidir uirlisí nua a chruthú d'fhorbairt cathrach bunaithe ar shaoránaigh, lena n-áirítear ag céim ceaptha beartais tríd an ríomhdhaonlathas (faisnéis, comhairliúchán, rannpháirtíocht). Aithnítear i nDearbhú Aireachta Thaillinn maidir le ríomhsheirbhísí rialtais riachtanais agus na hionchais ag saoránaigh agus gnólachtaí ina n-idirghníomhaíocht le riaracháin phoiblí agus leagtar amach sraith de phrionsabail atá úsáideoir-lárnacht lenar chóir dóibh cathracha a threorú ina seachadadh seirbhíse poiblí.

**Nodanna d'údaráis uirbeacha**

Ba cheart go gcuirfeadh tograí tionscadail um Ghníomhaíochtaí Nuálacha Uirbeacha le saothar leanúnach na sé Bhraisle Gníomhaíochta de chuid na Comhpháirtíochta Eorpaí um Nuálaíocht agus/nó na Comhpháirtíochta Idirthréimhsí Digití trí réitigh nua a thástáil. Gan bheith saintreorach maidir leis na cineálacha tionscadal a mbeifí ag súil leo, moltar do chathracha machnamh faoi leith a dhéanamh ar na téamaí agus ar na ceisteanna seo a leanas:

- Réitigh chathracha cliste a chumasú agus a chur chun feidhme, lena n-áirítear samhlacha gnó, airgeadas agus soláthar, bonneagair agus próisis chomhtháite, pleanáil agus rialacháin chomhtháite, limistéir inbhuanaithe agus timpeallacht thógtha agus soghluaisteacht inbhuanaithe uirbeach
- Réitigh ríomhsheirbhísí an Rialtais bunaithe ar shaoránaigh a chumasú agus a chur chun feidhme ar fud na n-earnálacha
- Luach a chruthú trí rochtain ar shonraí de chineál ar bith atá saor in aisce agus cothrom: sonraí oscailte/poiblí/na hearnála príobháidí/pearsanta (e.g. arna mbailiú ag braiteoirí, úsáid sonraí na hearnála príobháidí chun críocha leasa an phobail, úsáid na gceart iniomparthachta faoi RGCS do shaoránaigh chun sonraí a sholáthar don Chathair le haghaidh bainistiú Cathrach níos fearr, ag bunú córais um chomhtháthú sonraí oscailte atá inrochtana ag feidhmchláir ilchuspóireacha)
- An glacadh le teicneolaíochtaí digiteacha nua atá ag teacht chun cinn a luathú, lena nuachóireofar bonneagar agus seirbhísí na Cathrach a nuachóiriú, amhail réitigh chuaillí solais chliste agus líonraí cumarsáide nuálacha 5G a chuimsíonn ardáin sonraí uirbeacha oscailte chomh maith le réitigh do riaracháin áitiúla
- Timpeallacht atá fabhrach do gnó a chruthú agus feidhmiú mar áiteanna agus ardáin chun tástáil aclaí a dhéanamh ar ghnólachtaí atá sonraíbhunaithe agus chun nuálaíocht a tharraingt isteach i margaí a bhfuil cumhacht mhór ceannaigh acu, lena gcruthófar fás eacnamaíoch áitiúil

## 3.2 ÚSÁID INBHUANAITHE NA TALÚN, RÉITIGH ATÁ BUNAITHE AR NÁDÚR

**Sainmhíniú foriomlán agus comhthéacs na dtopaicí**

Is acmhainn nádúrtha chríochta agus bhunriachtanach í an talamh. Tagann sí faoi réir brúnna iomaíocha ó e.g. uirbiú, bonneagar, méadú ar tháirgeadh bia, beatha, snáithíní agus breosla agus ag an am céanna táthar ag súil go leanfaidh an talamh ag soláthar príomhsheirbhísí éiceachórais . Imíonn beagnach 1000 km² de thalmhaíocht nó de thalamh talmhaíochta nó de thalamh nádúrtha gach bliain san AE, toisc go ndéantar é a thiontú ina limistéir shaorga. Tá díghrádú á dhéanamh an t-am ar fad ar níos mó de thalamh AE, agus caillfear seirbhísí éiceachórais mar thoradh air sin. Tá fianaise mhaith ann don aitheantas agus den fheasacht doiciméadaithe go maith go gcabhraíonn an nádúr le réitigh éifeachtúlacha a sholáthar agus ina n-imlonnaítear airíonna éiceachóras nádúrtha agus na seirbhísí a sholáthraíonn siad ar bhealach cliste, ar bhealach a ndéantar 'innealtóireachta' air uaireanta. Soláthraíonn na réitigh sin atá bunaithe ar an nádúr roghanna inmharthana, costéifeachtacha, ilchuspóireacha, agus solúbtha chun tacú le cuspóirí éagsúla a bhaint amach. Má bhímid ag obair leis an dúlra, seachas ina choinne, is féidir linn bealach ár leasa a dhéanamh i dtreo geilleagair atá níos éifeachtúla ar acmhainní, níos iomaíche agus níos glaise. Féadfaidh sé sin cabhrú freisin le poist nua agus fás eacnamaíoch a chruthú, trí tháirgí agus seirbhísí nua a mhonarú agus a sheachadadh, rud a chuireann le caipiteal nádúrtha seachas baint de.

I dtéarmaí pleanála spásúla agus imuirbeacha tá iarracht níos mó ann anois freisin chun an ghabháil talún bhreise a glacadh a íoslaghdú agus chun séalú ithreach a theorannú, a mhaolú nó a chúiteamh. Leis seo, éilítear ag an am céanna freisin go mbainfí úsáid ní b'éifeachtaí as talamh a gabháladh roimhe seo, agus é a athchóiriú, go háirithe sa timpeallacht uirbeach. Is féidir leis na treoirlínte a d'fhoilsigh an Coimisiún maidir le dea-chleachtais an tionchar a bhaineann le séalú ithreach a laghdú, agus is díol inspioráide iad do lucht déanta beartais.

Chun cabhrú le haghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, bíonn beartais éagsúla Eorpacha ag cur chosaint na talún agus na bithéagsúlachta chun cinn chomh maith le forbairt uirbeach inbhuanaithe, agus rannpháirtíocht na bPáirtithe Leasmhara, amhail an 7ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, an Straitéis Théamach Ithreach AE, Straitéis Bithéagsúlachta AE, agus an straitéis do bhonneagar glas. Le déanaí, ghlac an Coimisiún "Plean Gníomhaíochta don Dúlra, do Dhaoine agus don Gheilleagar", a bhfuil sé mar aidhm aige tacú leis an Rannchuidiú ó bheartais eile ar son chaomhnú an dúlra. Faoi chuimsiú an Chláir Oibre Uirbigh don AE, tá an chomhpháirtíocht maidir le hÚsáid Inbhuanaithe Talún agus Réitigh atá bunaithe ar an Nádúr ag obair ar an sainmhíniú ar phlean gníomhaíochta.

**Ábharthacht agus ról na n-údarás uirbeach**

Tá dlús ard daonra sna cathracha a d'fhéadfadh leas a bhaint as feabhsuithe i bpleanáil uirbeach, lena n-áirítear, i measc eile, níos mó deiseanna chun dul i ngleic leis an dúlra chun a leasa e.g. sláinte agus folláine. Ní bhíonn ach spás teoranta acu a gcaithfear úsáid níos fearr a bhaint as ar bhealach ilfheidhmeach; tá siad ag fulaingt ó thruailliú aeir, ithreach agus uisce, agus ó éifeachtaí athraithe aeráide cosúil le hoileáin teasa agus tonnta teasa agus maidhm thuilte – agus tá tionchar ag gach ceann ar gheilleagar, ar shlándáil shóisialta agus ar nádúr na gcathracha. Is cabhair é chun tubaistí nádúrtha a chosc nó a íoslaghdú feabhas a chur leis an mbithéagsúlacht agus roinnt seirbhísí éiceachórais a sholáthar trí chúnamh Bonneagair Ghlas, feabhas a chur le caighdeán maireachtála, sláinte agus folláine an duine; cosaint a dhéanamh i gcoinne na n-éifeachtaí diúltacha a bhaineann le hathrú aeráide agus séalú mar shampla, trí mheán breis acmhainneachta ionsúití na hithreach i gcás báistí troime, nó éifeacht fhuaraithe a sholáthar i gcás tonn teasa; cathracha a athghiniúint agus an geilleagar áitiúil a éagsúlú; ag cruthú post atá nuálach agus inbhuanaithe, samhlacha gnó nuálaíocha agus uirlisí rialachais agus ag cur feabhais ar shláinte agus ar leas na saoránach Cruthaítear freisin le bonneagar gorm agus glas a chur i bhfeidhm agus réitigh bunaithe ar an nádúr maidir le hathghiniúint uirbeach chuimsitheach i gceantair réigiúnacha, uirbeacha agus imuirbeacha tuiscint  níos fearr maidir le pobal agus cabhraíonn sé le heisiamh sóisialta a chomhrac, uaisliú agus éagothroime laistigh de agus idir cathracha agus réigiúin a laghdú. Is gá, dá bhrí sin, cur le hathnádúrú a dhéanamh ar limistéir uirbeacha agus imuirbeacha le réitigh shistéamacha bunaithe ar nádúr chun cathracha agus réigiúin a chur chun cinn mar ghníomhairí nuálaíochta oscailte

Tugann múnla na Cathrach inmharthana le tuiscint go mbainfear úsáid éifeachtach as an talamh agus go ndéanfar dí-spreagadh ar an tsraoilleáil uirbeach. Díríonn sé ar an bhforbairt "ar an taobh istigh"; lena dtuigtear talamh athghrádaithe a athchóiriú, talamh a úsáid, a athchúrsáil agus a athfheistiú. Bíonn athghiniúint nádúrtha fhisiceach, shóisialta agus eacnamaíoch i gceist le cur chuige den chineál sin agus is minic a bhíonn réitigh bunaithe ar nádúr ag dul leis ar mhaithe leis na sochair chomhshaoil chomhuaineacha a bhaineann leis.

**Nodanna d'údaráis uirbeacha**

Gan bheith saintreorach maidir leis na cineálacha tionscadal a mbeifí ag súil leo, moltar do chathracha machnamh faoi leith a dhéanamh ar na téamaí agus ar na ceisteanna seo a leanas:

a) Bonneagar gorm agus glas a ionchorprú agus cur chun cinn réiteach córasach bunaithe ar nádúr d'athghiniúint chuimsitheach uirbeach agus forbairt inbhuanaithe uirbeach, atá dírithe ar:

- feabhas a chur ar chaighdeán maireachtála, sláinte agus folláine (e.g. níos lú torainn, ceapadh carbóin, deiseanna áineasa, uisce glan, níos lú truaillithe, etc.) ar mhaithe le geilleagair áitiúla, saol sóisialta agus an timpeallacht i gcoitinne
- truailliú ithreach a laghdú, insíothlú uisce a fheabhsú agus cosaint ó thionchar séalaithe ithreach
- athnádúrú na gcathracha trí chaomhnú, athchóiriú, athghiniúint agus leathnú bithéagsúlachta agus éiceachóras, agus trí fheabhas a chur ar nascacht éiceolaíoch idir limistéir uirbeacha agus limistéir imuirbeacha
- ag cruthú post agus ag feabhsú comhtháthú sóisialta agus nuálaíochta shóisialta, ag éagsúlú geilleagar áitiúil agus ag cruthú samhlacha gnó agus rialachais atá nuálach agus inbhuanaithe
- feabhas a chur ar phleanáil chríochach/réigiúnach uirbeach agus réamhtheachtach

Mar atá sa 3ú Gairm Tograí UIA, roghnófar roinnt tionscadal faoin ábhar "Oiriúnú d'athrú aeráide" ag a mbíonn roinnt cosúlachtaí leis na téamaí agus na saincheisteanna thuasluaite, moltar go bhfeicfeadh na hiarrthóirí ar na tionscadail a ceadaíodh. Beidh faisnéis ar na tionscadail ar fáil ar láithreán gréasáin UIA tar éis a roghnaithe i mí Dheireadh Fómhair 2018.

b) Cuir chuige nuálacha maidir le húsáid talún inbhuanaithe agus pleanáil úsáide talún, lena n-áirítear, ach gan a bheith teoranta don mhéid a leanas:

- feabhsúcháin, athchóiriú agus cosc ar fhoirmiú láithreán athfhorbraíochta (poitéinseal láithreán athfhorbraíochta a fhionnachtain chun seirbhísí tairbheacha a sholáthar agus fís a fhorbairt d'athfhorbairt iomlán inbhuanaithe agus rathúil, eacnamaíoch agus shóisialta)
- teorannú, maolú nó cúiteamh séalaithe ithreach
- athúsáid oiriúnaitheach ar thalamh fholamh agus thearcúsáidte, athghiniúint agus méadú ar ilfheidhmiúlacht na gceantar ar ceantair thógtha iad cheana féin agus athrú ar an seanbhonneagar
- athnádúrú a dhéanamh ar spásanna uirbeacha chun cur le maolú ar an athrú aeráide (e.g ag déanamh "linnte dé-ocsaíde carbóin") agus oiriúnú (e.g rioscaí tuilte, iarmhairt teasoileáin uirbigh a mhaolú)
- aghaidh a thabhairt ar an tsraoilleáil uirbeach atá ann cheana agus cosc a chur ar thuilleadh den tsraoilleáil uirbeach
- cur chun cinn na feirmeoireachta inbhuanaithe uirbí
- straitéis fhadtéarmach a bhunú do phleanáil uirbeach chun cinneadh a dhéanamh ar cé na feidhmeanna úsáide talún is fearr, cabhrú chun spreagthaí agus gníomhaíochtaí athghiniúna eacnamaíochta éagsúla a shainiú, seachas fóirdheontas poiblí, samhlacha nuálaíocha agus airgeadais a chruthú, e.g. tríd an meascán nuálaíoch de phleanáil agus dearadh uirbeach áitiúil fioscach agus agus spásúil

Táthar ag súil go gcuirfidh na tionscadail taiscthe úsáid talún inbhuanaithe a chur chun cinn trí réitigh bhunaithe ar nádúr a chur i bhfeidhm, ag tabhairt le chéile sochair shóisialta, chultúrtha agus phobail, chomh maith le sochair chomhshaoil agus éiceachórais.

Más gá comhéadan uirbeach-tuaithe nó cur chuige limistéir fheidhmiúil do réitigh nuálacha, is amhlaidh faoin ábhar seo a bheidh sé indéanta aonaid riaracháin áitiúla a áireamh a shainítear mar aonaid tuaithe de réir mhéid a n-uirbithe laistigh de chomhpháirtíocht tionscadail (féach alt 2 thuas).

## 3.3 BOCHTAINEACHT UIRBEACH

**Sainmhíniú foriomlán agus comhthéacs na dtopaicí**

Is é príomhchuspóir straitéis Eoraip 2020 líon na ndaoine atá i mbaol bochtaineachta nó eisiaimh shóisialta a laghdú faoi 20 milliún i gcomparáid leis an mbliain 2010. Go deimhin, féadann an bhochtaineacht atá ag fás agus an neamhionannas comhfhreagrach forbairt eacnamaíoch na gcathracha a theorannú go mór. Féadfaidh sé costais a ghiniúint i measc daoine eile trí tháirgiúlacht a d'fhéadfadh a bheith caillte, trí dhóchúlacht mhéadaithe a bhaineann le drochshláinte agus torthaí níos ísle oideachais. Féadfaidh an dlúthbhochtaineacht, arb ionann é agus leithscaradh spásúil, i gceantair gheografacha áirithe bac breise a chruthú do chathracha. Soláthraíonn an plean gníomhaíochta Ranníocaíocht is déanaí ó chomhpháirtíocht shaincheaptha den Chlár Oibre Uirbeach don Aontas Eorpach.

**Ábharthacht agus ról na n-údarás uirbeach**

Is féidir le húdaráis áitiúla ról tábhachtach a fheidhmiú maidir le sprioc Eoraip 2020 a bhaint amach trí bheartais mhaolaithe bochtaineachta áitiúla a thabhairt isteach nó a neartú chomh maith leis na beartais náisiúnta.

**Nodanna d'údaráis uirbeacha**

Tá naisc dhíreacha ag an mbochtaineacht le dífhostaíocht nó le bheith ag obair i bpoist ar phá íseal, ioncam/pinsin ísle agus sochair shóisialta neamhleor,a gnóthachtáil íseal oideachais, drochthorthaí sláinte agus éagothromaíochtaí sláinte, droch-chaighdeán tithíochta, leithscaradh oideachais agus spásúil, bacainní le rochtain ar sheirbhísí ardchaighdeáin, cúram leanaí agus oideachas agus seachadadh mí-éifeachtach seirbhísí, leibhéal ard/ag ardú costas tí (e.g. bia, fóntais, costais iompair), méadú ar líon na dteaghlach aonair/dtuismitheoirí aonair, idirdhealú i réimsí éagsúla den saol, agus leibhéal íseal rannpháirtíochta i saol an phobail agus sa saol poiblí.

Is minic go dtéann na fachtóirí sin lámh le láimh lena chéile chun fáinne fí bochtaineachta a chruthú atá dlúthlonnaithe go struchtúrtha agus go feiceálach i mórán cathracha agus comharsanachtaí AE. Tá an pointe seo thar a bheith tábhachtach - ní hamháin go ndéanann an bhochtaineacht difríochtaí sóisialta idir daoine agus grúpaí níos measa; ach bíonn tionchar suntasach aige freisin ar an mbealach a shainíonn cathracha a spásanna agus a criosanna. De réir mar a thagann méadú ar an mbochtaineacht, is amhlaidh a thagann méadú freisin ar an mbaol go mbeidh dlúthbhochtaineacht uirbeach i gceantair dhíothacha, le saintréithe den deighilt shóisialta, oideachasúil agus spásúil, go ndéantar aithisiú ar chuid níos leithne de shaoránaigh, soghluaisteacht laghdaithe (lena n-áirítear rochtain níos lú ar iompar poiblí) rochtain theoranta ar chreidmheas, díothacht tithíochta agus ní hamháin díghrádú comhshaoil ach laghdú ar chaiteachas poiblí chun é a chosc. D'fhonn tionchar mór a dhéanamh ar bhochtaineacht uirbeach a laghdú, is é misean an Choimisiúin é tionscadail a bhreithniú lena ngintear réitigh nuálaíocha agus nua a thabhairt chun tosaigh, go háirithe maidir leis na nithe bunúsacha atá taobh thiair de fháinne fí na bochtaineachta i gceantair dhíothacha. Is mian leis an gCoimisiún tionscadail a fheiceáil chun dul i ngleic le hidirnascadh na mórfhachtóirí cúisíocha, lena gcuimsítear cur chuige daoine agus cur chuige áit-bhunaithe chun réitigh inbhuanaithe a shainaithint agus a chur chun feidhme lena dtugtar aghaidh ar chomhtháthú fadtéarmach agus lena mbristear timthriall na scoiteachta sóisialta agus spásúla. Ba cheart go n-urramódh na tionscadail sin na coinníollacha atá leagtha amach sa Treoir maidir le Cistí Struchtúrthacha agus Infheistíochta Eorpacha 2014-2020, agus go háirithe an Treoir do Bhallstáit maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta Eorpacha a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar leithscaradh oideachais agus spásúil agus ar an aistriú go cúram pobalbhunaithe. D'fhéadfadh tionscadail aghaidh a thabhairt ar bochtaineacht fuinnimh chomh maith (e.g. trí insliú foirgneamh) agus chun leochaileachtaí (go minic níos airde agus ag méadú) de ghrúpaí ar ioncam íseal a laghdú chun tionchair athraithe aeráide (amhail tuilte agus tonnta teasa) a fhéadfaidh cur le bochtaineacht nó le saincheisteanna sláinte.

Gan bheith saintreorach maidir leis na cineálacha tionscadal a mbeifí ag súil leo, moltar do chathracha machnamh faoi leith a dhéanamh ar na téamaí agus ar na ceisteanna seo a leanas:

- Deighilt shóisialta, oideachasúil agus spásúil
- Bochtaineacht fuinnimh
- Bochtaineacht leanaí
- Easpa dídine
- Slándáil bia agus cothaithe
- Stádas íseal sláinte agus díothacht maidir le rochtain ar chúram sláinte
- Athghiniúint na gceantar uirbeach agus na gcomharsanachtaí díothacha

- Imeascadh sóisialta Romach
- Rochtain ar sheirbhísí sóisialta, sláinte, oideachais agus eile

Ar deireadh, toisc gurb é seo an dara huair go bhfuil ábhar seo na Bochtaineachta Uirbí san áireamh leis an nGairm Tograí UIA, molaimid go bhféachfadh na hiarrthóirí ar na tionscadail sin a ceadaíodh sa chéad Ghairm Tograí.

## 3.4 SLÁNDÁIL UIRBEACH

**Sainmhíniú foriomlán agus comhthéacs na dtopaicí**

Tá sé mar aidhm ag an Aontas Eorpach a chinntiú go bhfuil daoine ina gcónaí i réimse saoirse, slándála agus ceartais, gan teorainneacha inmheánacha. Ní mór do na hEorpaigh a bheith cinnte go bhfuil cosaint mhaith ar a saoirse agus ar a slándáil acu, cibé áit ina mbíonn siad ag gluaiseacht laistigh den Eoraip, go gcomhlíontar go hiomlán luachanna an Aontais, lena n-áirítear forlámhas an dlí agus cearta bunúsacha. Tá sé d’aidhm ag an gClár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil na huirlisí a sholáthraíonn AE d'údaráis forfheidhmiúcháin an dlí náisiúnta a neartú chun sceimhlitheoireacht, coireacht eagraithe agus cibearchoireacht a throid, bunaithe ar phrionsabail, amhail comhlíonadh iomlán le trédhearcacht chearta bunúsacha, cuntasacht agus rialú daonlathach, cur i bhfeidhm agus cur chun feidhme ionstraimí dlíthiúla reatha AE, etc. Maidir le bagairtí slándála poiblí, ghlac AE Plean Gníomhaíochta chun tacú le cosaint spásanna poiblí (COM (2017) 612.), a bhfuil glaonna eile ann maidir le comhar breise ar leibhéal AE. Ina theannta sin, soláthraíonn roinnt treoracha agus coinbhinsiúin idirnáisiúnta creat agus beartas dlí chun aghaidh a thabhairt ar chaighdeáin íosta eile maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta (Treoir 2012/29/AE) lena mbunaítear caighdeáin íosta maidir le cearta, tacaíocht agus cosaint íospartaigh na coireachta, gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus a híospartaigh a chosaint (Treoir 2011/36/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2011 maidir le gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac agus a híospartaigh a chosaint) agus deireadh a chur le gach cineál idirdhealaithe in aghaidh ban (Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Deireadh a chur le gach cineál Idirdhealaithe i gcoinne Ban).

Ar leibhéal áitiúil, is féidir leis an tslándáil uirbeach bheith ina tagairt a dhéanamh do chineálacha éagsúla coireachta (lena n-áirítear gáinneáil ar dhaoine, coireacht eagraithe, foréigean gnéasach, foréigean i gcoinne grúpaí leochaileacha agus mionlach, loitiméireacht, radacú foréigneach agus sceimhlitheoireacht, lena n-áirítear bagairtí sláinte trasteorann) agus easpa slándála iarbhír nó a inbhraite. Éilíonn an sainmhíniú ar bhagairtí do shlándáil uirbeach measúnú oibiachtúil, bunaithe ar

fhianaise, ar leochaileachtaí. Caithfidh na húdaráis áitiúla an measúnú sin a dhéanamh trí bhailiú agus anailís a dhéanamh ar shonraí cáilíochtúla agus cainníochtúla, i gcomhar le páirtithe leasmhara agus pobail ábhartha. Ba cheart go mbeadh sé mar aidhm ag tograí tionscadail aghaidh a thabhairt ar na leochaileachtaí atá sainithe go hoibiachtúil

**Ábharthacht agus ról na n-údarás uirbeach**

Cuireann slándáil uirbeach le timpeallacht mhaith chun cónaí inti agus bíonn tionchar aici ar fhorbairt eacnamaíoch. Ní mór aghaidh a thabhairt ar bhagairtí coireachta agus sceimhlitheoireachta araon agus an imní a bhaineann leo. Tá dúshláin iomadúla ann; is féidir le dúshláin nua teacht chun cinn agus dul chun cinn go tapa freisin mar gheall ar fhachtóirí seachtracha, cosúil le forbairt na Cathrach, gluaiseachtaí veicteoirí galar, géarchéimeanna eacnamaíochta, athrú i bpleanáil na Cathrach nó athrú modus operandi ar choireacht eagraithe nó sceimhlitheoireacht. Tá na húdaráis uirbeacha i measc na n-imreoirí is tábhachtaí chun a chinntiú go ndírítear le bearta spriocdhírithe ar shlándáil iarbhír agus ar shlándáil inbhraite, mar go bhfuil láithreacht láidir acu agus eolas acu ar na dúshláin áitiúla.

Is saincheist chasta í an tslándáil agus ba cheart go n-áireofaí réimsí cosúil le himeascadh sóisialta (rochtain ar sheirbhísí bunúsacha d’ardchaighdeán nach bhfuil leithscartha lena n-áirítear oideachas, cúram sóisialta agus sláinte, etc.), forfheidhmiú an dlí, athléimneacht na sochaí agus cumhacht pobail i gcoinne aon chineál foréigin. Baineann sé freisin le cosaint foirgneamh agus bonneagair a fheabhsú. Mar thoradh air sin, ba cheart go mbeadh roinnt gníomhairí páirteach sa tslándáil, lena n-áireofaí na chéad fhreagróirí (póilíní, comhraiceoirí dóiteáin, aonaid chosanta sibhialta), earnálacha sláinte agus sóisialta, scoileanna, eagraíochtaí neamhrialtasacha, comhpháirtithe sochaí sibhialta, chomh maith le dearthóirí uirbeacha chun a chinntiú go bhfuil an tslándáil sin san áireamh cheana féin ag céim dhearaidh na bhfoirgneamh agus na spásanna oscailte sna cathracha. Bíonn cur chuige iomlánaíoch agus ón mbonn aníos ag idirghabhálacha áitiúla, rud a thugann aghaidh ar an bpobal agus ar an athléimneacht.

**Nodanna d’údaráis uirbeacha**

Is féidir le slándáil uirbeach cur le straitéis an Aontais maidir le fás cliste, inbhuanaithe agus uilechuimsitheach. Is féidir le hidirghabhálacha i réimse na slándála uirbí cur le dea-chaighdeán maireachtála agus le forbairt eacnamaíoch. Cé nach bhfuil baint ag Slándáil Uirbeach le cuspóir téamach ar leith den Bheartas Comhtháthaithe, d'fhéadfadh tograí tionscadail tacú go háirithe le cuspóirí téamacha Taighde agus Forbairt agus Nuálaíocht (TO1), rochtain agus úsáid agus cáilíocht TFC (TO2) a fheabhsú; iompar inbhuanaithe a chur chun cinn (TO7); fostaíocht inbhuanaithe agus cáilíocht na fostaíochta a chur chun cinn (TO8); cuimsiú sóisialta a chur chun cinn, bochtaineacht agus

idirdhealú a chomhrac (TO9), infheistiú san oideachas (TO10) agus cumas institiúideach a fheabhsú (TO11), lena n-áirítear sláinte agus cosc sláinte agus cur chun cinn sláinte. Ba cheart go n-urramódh na tograí nuálacha na coinníollacha a leagtar amach sa Treoir maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa 2014-2020, agus go háirithe an Treoir do Bhallstáit maidir le Cistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa a úsáid chun aghaidh a thabhairt ar an leithscaradh oideachais agus spásúil agus ar an aistriú go cúram pobalbhunaithe. Ba cheart go mbainfeadh na tograí leas as torthaí taighde arna gcistiú ag AE, mar atá luaite sa Phlean Gníomhaíochta chun tacú le Cosaint Spásanna Poiblí (Féach mionsonraí sa Phlean Gníomhaíochta).

Gan bheith saintreorach maidir leis na cineálacha tionscadal a mbeifí ag súil leo, moltar do chathracha machnamh faoi leith a dhéanamh ar na téamaí agus ar na ceisteanna seo a leanas:

- Feabhas a chur ar dhearadh spásúil, pleanáil uirbeach agus forbairt slándála trí choincheapa dearaidh, lena n-áirítear cosaint níos fearr ar spásanna poiblí a fheabhsú ar athléimneacht foirgneamh agus bonneagair
- Caighdeánú próiseas agus ceanglas teicniúil chun slándáil uirbeach a fheabhsú;
- Cumhachtú agus tógáil cumais na bpobal áitiúil, lena n-áirítear feasacht níos fearr ar riosca, ag cur le teacht aniar na sochaí
- Breis ullmhachta tras-earnála do bhagairtí slándála i gcoinne spásanna poiblí lena n-áirítear comhordú níos fearr idir na chéad fhreagróirí agus údaráis éagsúla
- Tacaíocht d'íospartaigh na coireachta
- Measúnú ar riachtanais aonair agus tacaíocht d’imeascadh pobal imeallaithe d'fhonn cosc a chur ar pholarú as a bhféadfadh coiriúlú agus radacú a bheith ag teacht aníos.
- Faisnéis a bhailiú ar choireacht neamhthuairiscithe
- Cibearshlándáil.

## 4. Prionsabal Cistiúcháin

### Prionsabal na gcostas iomlán

Leanann an Tionscnamh UIA prionsabal na gcostas iomlán. Déanann CFRE tionscadal a chómhaoiniú go suas le 80% de na costais incháilithe lena mbaineann. Is gá do gach comhpháirtí a fhaigheann airgead CFRE ranníocaíocht phoiblí nó phríobháideach (20% ar a laghad de na costais iomlána) a fháil chun gur féidir leis a bhuiséad a chomhlíonadh , agus an ranníocaíocht sin ag teacht óna acmhainní

féin nó ó fhoinsí eile. Féadfaidh ranníocaíocht an pháirtnéara bheith i bhfoirm airgid agus/nó i gcomhchineál. Ba chóir a shonrú nach bhfuil obair dheonach gan pá incháilitheach faoi rialacha incháilitheachta UIA agus gur chóir don fhoireann arna híoc a meas mar ranníocaíocht airgid.

**Íocaíochtaí CFRE**

Tá an scéim íocaíochta UIA bunaithe go príomha ar réamhíocaíochtaí ó CFRE[8] agus tá sé bunaithe freisin ar phrionsabal aisíocaíochta costas a tabhaíodh iarbhír (lena n-áirítear rátaí comhréidh)[9]:

- Déantar an chéad réamhíocaíocht ó CFRE, rud ar fiú 50% den deontas ó CFRE é, leis an (bPríomh) Údarás Uirbeach laistigh de 90 lá tar éis an Conradh Fóirdheontais a shíniú (agus den Chomhaontú Comhpháirtíochta nuair is gá). Clúdaíonn an chéad réamhíocaíocht seo an chnapshuim ar chostais ullmhúcháin (uasmhéid EUR 16 000 CFRE).
- Déantar dara réamhíocaíocht ó CFRE, rud ar fiú 30% den deontas ó CFRE é, leis an (bPríomh) Údarás Uirbeach tar éis tuarascáil eatramhach ar dhul chun cinn, ina leagtar amach caiteachas iniúchta an tionscadail, fíoraithe ag Rialtóir 1, a chur isteach agus a fhormheas. Ní mór don chaiteachas a thuairiscítear bheith chomh hard le 70%, ar a laghad, den chéad tráthchuid réamh-mhaoinithe (i gcomhréir le 35% de bhuiséad iomlán an tionscadail).
- Déantar tríú híocaíocht ó CFRE i gcomhréir le 20% ar a mhéid de dheontas an CFRE (lúide na cnapshuime tiomnaithe do chlabhsúr an tionscadail agus aistriú eolais) leis an (bPríomh) Údarás Uirbeach ar chur isteach agus fhormheas na tuarascála deiridh ar dhul chun cinn. Sa tuarascáil seo, a chuirtear isteach tráth nach déanaí ná dáta deiridh an tionscadail, leagtar amach caiteachas iniúchta an tionscadail freisin fíoraithe ag Rialtóir 1. Tá sé tábhachtach a mheabhrú nach bhfuil an tríú híocaíocht bunaithe ar phrionsabal na réamhíocaíochta ach ar phrionsabal aisíocaíochta costas a tabhaíodh agus a íocadh. Mar sin de ní mór do chomhpháirtithe tionscadail réamh-mhaoiniú a dhéanamh ar a gcaiteachas le linn na céime deiridh de chur chun feidhme an tionscadail.
- Déantar íocaíocht deiridh leis an (bPríomh) Údarás Uirbeach tar éis an tuarascáil cháilíochtúil deiridh a fhormheas (le cur isteach tráth nach déanaí ná bliain amháin tar éis dáta deiridh an tionscadail). Is fiú, ar a mhéad, EUR 12 000 CFRE agus clúdaíonn sé céim chlabhsúir an tionscadail agus aistriú eolais.

---

[8] Mar atá luaite sa Chomhaontú Tarmligthe sínithe ag Coimisiún na hEorpa agus Région Hauts-de-France (ex-Région Nord-Pas-de-Calais) sa bhliain 2015

[9] Idem

## 5. Giniúint agus forbairt tionscadail

### 5.1 Comhpháirtíocht le haghaidh Gníomhaíochtal Nuálacha Uirbeacha

Údaráis incháilithe uirbeacha amháin, mar a shainmhínítear in Airteagal 2 den Ghníomh Tarmligthe, is féidir Foirm Iarratais a chur isteach ar Ghairm Tograí UIA.

Táthar ag súil, áfach, i gcreat an Tionscnaimh UIA go mbunóidh Údaráis Uirbeacha ina mbeidh an meascán ceart de chomhpháirtithe comhlántacha. Is gá do gach comhpháirtí bheith lonnaithe san AE. Féadfaidh comhpháirtíocht le haghaidh tionscadail UIA a bheith comhdhéanta de Phríomhúdarás Uirbeach agus comhpháirtithe seachadta. Ní cuid de chomhpháirtíocht an tionscadail é an grúpa leathan geallsealbhóirí ach ba cheart baint a bheith acu sa tionscadal.

- Príomhúdarás Uirbeach: feidhmníonn an Tionscnamh UIA ar bhonn Údaráis Uirbigh atá freagrach as cur chun feidhme foriomlán agus bainistíocht fhoriomlán an tionscadail ar fad. Síníonn an Príomhúdarás Uirbeach an Conradh Fóirdheontais leis an Eintiteas a gCuirfear Cúram air agus faigheann sé sin an CFRE le dáileadh ar na comhpháirithe eile (Údaráis Uirbeacha Ghaolmhara agus/nó Comhpháirtithe Soláthair) de réir na sainrólanna agus sainfhreagrachtaí (agus buiséad dá réir). I gcás comhlachas agus grúpaí a aithnítear mar cheirteáin eagraithe, measfar an institiúid, lena n-áirítear gach ceann de na húdaráis uirbeacha eile lena mbaineann, a bheith ar an Údarás Uirbeach faoi chuimsiú an tionscadail UIA.

- Údaráis Uirbeacha Ghaolmhara I gcás comhlachas d'údaráis uirbeacha (náisiúnta/réigiúnacha nó údaráis uirbeacha, comhaontuithe nó comhlachais críche, ceantair fhorbartha, etc.) nach bhfuil stádas dlíthiúil mar cheirtleán eagraithe acu, chomh maith le húdaráis áitiúla aonair gan comhaontú foirmiúil comhoibrithe acu ach atá toilteanach comhiarratas a chur isteach i gcreat an UIA, cuireadh sé siúd aonad riaracháin áitiúil amháin mar Phríomhúdarás Uirbeach agus na haonaid riaracháin eile mar Údaráis Uirbeacha Ghaolmhara. Beidh Údaráis Uirbeacha Ghaolmhara freagrach as gníomhaíochtaí sonracha a sholáthar agus as spriocanna inghnóthaithe gaolmhara/aschuir ghaolmhara a thairiscint. Is ag Údaráis Uirbeacha Ghaolmhara a bheidh sciar de bhuiséad an tionscadail agus tabharfaidh siad tuairisc ar na

costais arna dtabhú chun na gníomhaíochtaí a soláthar. Cuirfear faisnéis mhionsonraithe faoi na hÚdaráis Uirbeacha Ghaolmhara ar fáil (lena n-áirítear stádas dlíthiúil, taithí agus inniúlachtaí, daoine le teagmháil a dhéanamh leo, etc.) san Fhoirm Iarratais.

- **Comhpháirtithe Soláthair**: institiúidí, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí, comhpháirtithe earnála príobháidí agus comhlachais a mbeidh ról gníomhach acu i gcur chun feidhme an tionscadail. Ba cheart go roghnódh Údaráis Uirbeacha a gComhpháirtithe Soláthair i ndáil le prionsabail na trédhearcachta agus na córa comhionainne. Beidh siad freagrach as gníomhaíochtaí sonracha a sholáthar agus as spriocanna inghnóthaithe gaolmhara/aschuir ghaolmhara a thairiscint. Ba cheart a thabhairt faoi deara nach bhfuil ach eagraíochtaí a bhfuil pearsantacht dhlítheanach acu i dteideal páirt a ghlacadh sa tionscadal mar chomhpháirtithe foirmiúla. Gnólachtaí comhairleachta a bhfuil sé mar phríomhchuspóir acu tionscadail Eorpacha a fhorbairt agus a bhainistiú, níl siad i dteideal páirt a ghlacadh i dtionscadal mar chomhpháirtithe foirmiúla. Gnólachtaí comhairleachta a bhfuil sé mar phríomhchuspóir acu tionscadail Eorpacha a fhorbairt agus a bhainistiú, níl siad i dteideal páirt a ghlacadh i dtionscadal mar Chomhpháirtithe Soláthair.

- Ba cheart do ghrúpa ní ba leithne geallsealbhóirí baint a bheith acu le dearadh agus cur chun feidhme an tionscadail. D’fhéadfaí institiúidí, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus comhlachais a chuimsiú leis an ngrúpa sin. Ní bheidh ról díreach ag na geallsealbhóirí sin (agus mar sin de níl buiséad tiomnaithe acu le cur chun feidhme) ach measfar iad a bheith ábhartha ar mhaithe le cur chun feidhme réidh éifeachtach agus úinéireacht roinnte an tionscadail a chinntiú.

Tá faisnéis mhionsonraithe faoi róil agus fhreagrachtaí na nÚdarás Uirbeach (agus na nÚdarás Uirbeach Gaolmhar, más ábhartha) agus na gComhpháirtithe Soláthair le fáil i gcuid 2.1 de Threoir an Tionscnaimh UIA.

### 5.2 <u>Gníomhaíochtaí Tionscadail</u>

Déanfar gníomhaíochtaí faoi chuimsiú chreat UIA a eagrú de réir Phacáistí Oibre agus tacóidh siad le ceann amháin nó roinnt Cuspóirí Téamacha agus Tosaíochtaí Infheistíochta gaolmhara de chuid CFRE,

mar atá leagtha amach sa chéad mhír d'Airteagal 9  de Rialachán na bhForálacha Coiteanna (RFC)[10] le haghaidh CSIE agus in Airteagal 5 le haghaidh CFRE.

Chuige seo ba cheart Pácaistí Oibre éagsúla bheith in úsáid mar atá liostaithe thíos:

- Pacáiste Oibre Ullmhúcháin
- Pacáiste Oibre ar Bhainistíocht Tionscadail
- Pacáiste Oibre ar Chumarsáid
- Pacáiste Oibre ar Chur Chun Feidhme
- Pacáiste Oibre ar Infheistíocht

Tá gach Pacáiste Oibre, seachas an Pacáiste Oibre ar Infheistíocht, sainordaitheach in iarratais tionscadail UIA.

Beidh Saineolaí UIA i bhfeidhm ag gach tionscadal, duine a bheidh freagrach as na nithe seo:

- comhairle agus treoir a thabhairt go leanúnach faoi bhunús na gníomhaíochta, go háirithe maidir leis an ábhar nuálach
- cúnamh a thabhairt chun forbairt a dhéanamh ar dhoiciméid agus ar aschuir a dhéanfaidh na ceachtanna arna bhfoghlaim agus na dea-chleachtais etc. a ghabháil agus a scaipeadh ar an lucht spéise leathan
- a chinntiú go bhfanann an ghníomhaíocht ar an mbóthar ceart agus go bhfuil sí ag teacht leis an togra comhaontaithe

Cumhdófar costais do Shaineolaithe UIA (lena n-áirítear taisteal agus cóiríocht) ag an Tionscnamh UIA agus dá bhrí sin ní chuirfear iad san áireamh sna buiséid tionscadail. Tá tuilleadh faisnéise faoi struchtúr an phlean oibre do thionscadal UIA chomh maith le faisnéis ar ról agus chúraimí na Saineolaithe UIA le fáil i dTreoir an Tionscnaimh UIA.

### 5.3 <u>Línte buiséid agus costais incháilithe</u>

De réir Threoir an Tionscnaimh UIA (féach rannán 4.2), is incháilithe a bheidh an caiteachas ar fad a bhaineann le cur chun feidhme na dtionscadal UIA agus is sna línte cuí buiséid a bhuiséadófar dóibh:

---

[10] Rialachán na bhForálacha Coiteanna (AE) Uimh. 1303/2013: http://eurlex.europa.eu/legalcontent/EN/TXT/?uri=celex:32013R1303.

- Foireann
- Oifig agus riarachán
- Taisteal agus cóiríocht
- Saineolas seachtrach agus seirbhísí seachtracha
- Trealamh
- Bonneagar agus oibreacha tógála

## 6. An próiseas iarratais

Cuimsíonn an pacáiste iarratais don cheathrú Gairm Tograí le haghaidh an Tionscnaimh UIA na nithe a leanas:

- Na Téarmaí Tagartha seo (atá ar fáil i dteangacha uile an AE)
- Treoir theicniúil ar an Electronic Exchange Platform (EEP)
- Treoracha mionsonraithe chun cabhrú leis an bhFoirm Iarratais a chomhlánú (ar fáil ar líne i ngach teanga de chuid an AE laistigh den chóras EEP)

Cuimsítear ann freisin leagan oibre den Fhoirm Iarratais agus den Bhileog Deimhniúcháin mar threoir chun cúnamh a thabhairt i bpróiseas dréachtaithe an iarratais (doiciméad word ar fáil i mBéarla amháin)

**Ina theannta sin, is gá Treoir an Tionscnaimh UIA (atá ar fáil i mBéarla amháin) a léamh go cúramach maidir le rialacha uileghabhálacha an Tionscnaimh.**

Féadfaidh na doiciméid uile a fháil ar shuíomh Gréasáin an Tionscnaimh UIA. Ní úsáidfear aon pháipéar sa phróiseas iarratais.

Comhlánófar iarratais, atá 100% gan úsáid páipéir, trí mheán an Ardáin Mhalartaithe Leictreonaigh atá i bhfeidhm ag an Tionscnamh UIA. Cuimsíonn an t-iarratas Foirm Iarratais agus leagan scanta agus sínithe den Bhileog Deimhniúcháin . Féadfaidh iarscríbhinn a uaslódáil agus a chur leis an bhFoirm Iarratais. D'fhéadfadh seo bheith ina léarscáil a léiríonn an réimse idirghabhálacha, graf, grafaic

faisnéise etc. Tá cur síos ar chineál agus ar mhéid an chomhaid ar féidir a chur mar iarscríbhinn sainithe i dtreoir an EEP.

Moltar go mór d'iarratasóirí an Fhoirm Iarratais a chomhlánú i mBéarla soiléir, cé go bhféadfaí í a chur isteach i gceann ar bith de theangacha oifigiúla an AE freisin.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gurb ar an leagan Béarla a bheidh na Measúnachtaí Straitéiseacha agus Oibríochtúla ar na Foirmeacha Iarratais bunaithe (sa chás go gcuirfear an Fhoirm Iarratais isteach i dteanga eile, déanfaidh soláthraí seachtrach seirbhíse atá faoi chonradh ag an Rúnaíocht Bhuan an Fhoirm Iarratais a aistriú go Béarla). Ní féidir leis an Rúnaíocht Bhuan cáilíocht an aistriúcháin a ráthú agus mar sin de is faoi phriacal an iarratasóra atá sé sin. Thairis sin, is i mBéarla a chaithfear an Conradh Fóirdheontais, bainistíocht an tionscadail, tuairisciú foirmiúil, bunspriocanna inghnóthaithe agus gach cumarsáid a dhéantar leis an Eintiteas a gCuirfear Cúram air agus leis an Rúnaíocht Bhuan.

**Is é an spriocdháta le haghaidh chur isteach na Foirme Iarratais agus na Bileoige Deimhniúcháin ná 31/01/2019 14h00 ALE.**

## 7. An próiseas roghnúcháin

Tar éis iad a chur isteach, beidh gach iarratas faoi réir próiseas roghnúcháin a eagrófar de réir na gcéimeanna seo a leanas:

1. Seiceáil Incháilitheachta
2. Measúnacht straitéiseach
3. Measúnacht oibríochtúil

### 7.1 <u>Seiceáil Incháilitheachta</u>

Ar dhúnadh na gairme, déanfaidh an rúnaíocht bhuan measúnacht ar an dóigh a gcomhlíontar na critéir incháilitheachta sna hiarratais tionscadal ar fad a cuireadh isteach. Is é an cuspóir a bhaineann leis an seiceáil incháilitheachta ná:

- Deimhniú a dhéanamh de go gcomhlíonann na Foirmeacha Iarratais a fuarthas, agus na hiarscríbhinní a ghabhann leo, na critéir fhoirmiúla incháilitheachta

- Go seachnaítear breis measúnaithe ar iarratais neamh-incháilithe
- Go n-áirithítear go gcuirtear an chóir chomhionann ar gach togra a roghnaítear le haghaidh maoinithe

Seo a leanas critéir incháilitheacha UIA:

1. Cuireadh an Fhoirm Iarratais isteach go leictreonach tríd an EEP roimh an spriocdháta atá luaite i dTéarmaí Tagartha na Gairme Tograí
2. Tá an Fhoirm Iarratais comhlánaithe ar fad lena n-áirítear gach Pacáiste Oibre éigeantach
3. Tá an t-iarratasóir ina údarás uirbeach de chuid aonad riaracháin áitiúil atá sainmhínithe, de réir an mhéid uirbithe atá ann, mar chathair, mar bhaile nó mar bhruachbhaile agus ina gcónaíonn 50 000 áitritheoir ar a laghad

   NÓ

   Tá an t-iarratasóir ina chomhlachas nó ina ghrúpa d'údaráis uirbeacha a bhfuil stádas dlíthiúil ceirtleáin eagraithe aige déanta suas d'aonaid riaracháin áitiúil, a bhfuil tromlach (ar a laghad 51%) na n-áitritheoirí ina gcónaí in aonad riaracháin áitiúil atá sainmhínithe, de réir an mhéid uirbithe atá iontu, mar chathair, mar bhaile nó mar bhruachbhaile agus a bhfuil 50 000 áitritheoir mar dhaonra iomlán acu

   NÓ

   Tá an t-iarratasóir ina chomhlachas nó ina ghrúpa d'údaráis uirbeacha nach bhfuil stádas dlíthiúil mar cheirtleán eagraithe aige, agus a bhfuil na húdaráis uirbeacha ar fad atá i gceist (an Príomhúdarás Uirbeach agus na hÚdaráis Uirbheacha Ghaolmhara) ina n-aonaid riaracháin áitiúil atá sainmhínithe de réir an mhéid uirbithe atá iontu, mar chathair, mar bhaile nó mar bhruachbhaile agus a bhfuil ar a laghad 50 000 áitritheoir mar dhaonra iomlán ar fad acu le chéile Ian príomh-údarás uirbeach chomh maith le húdaráis uirbeacha a bhaineann leis
4. 4. I gcás comhlachas nó grúpa nach bhfuil stádas dlíthiúil mar cheirtleán eagraithe aige, tá Príomhúdarás Uibreach agus na hÚdaráis Uirbheacha Ghaolmhara curtha i láthair ar an bhFoirm Iarratais
5. Don Ghairm Tograí seo amháin agus do thograí amháin a thugann aghaidh ar an ábhar "Úsáid inbhuanaithe talún, réitigh bhunaithe ar nádúr", liostaítear aonaid riaracháin áitiúla tuaithe, más ann dóibh, mar Údaráis Uirbeacha Ghaolmhara. Sa chás seo, bainfidh na hÚdaráis Uirbeacha Ghaolmhara uile amach íosmhéid na 50 000 áitritheoir (Príomhúdaráis Uirbeacha agus Údaráis Uirbeacha Ghaolmhara) a aicmítear mar chathair, baile agus/nó bruachbhaile

6. 5. Tá na teorainneacha ama comhlíonta: tá riachtanais na Gairme agus an Tionscnaimh comhlíonta i ndáta deiridh an tionscadail
7. 6. Tá na huasriachtanais bhuiséid agus an prionsabal cómhaoiniúcháin comhlíonta
8. 7. Is ó Bhallstáit an AE gach comhpháirtí atá i gceist (an Príomhúdarás Uirbeach, na hÚdaráis Uirbeacha Ghaolmhara agus Comhpháirtithe Soláthair)
9. 8. I dtogra tionscadail amháin atá na húdaráis uirbeacha atá ag cur iarratas isteach (Príomhúdaráis Uirbeacha agus/nó Údaráis Uirbeacha Ghaolmhara) i gcreat na Gairme céanna Tograí
10. Níor roghnaíodh agus níor maoiníodh ar an ábhar céanna na húdaráis uirbeacha (Príomhúdaráis Uirbeacha agus/nó Údaráis Uirbeacha Ghaolmhara) atá ag cur iarratas isteach i nGairm Tograí UIA roimhe seo
11. Tá an bhileog dheimhniúcháin agus í sínithe go cuí ag ionadaí dlíthiúil an Phríomhúdaráis Uirbigh uaslódáilte isteach sa chóras EEP faoi dheireadh spriocdháta na Gairme.

Mura bhfuil gach ceann de na riachtanais thuas comhlíonta, ní bhreithneofar an t-iarratas a thuilleadh sa phróiseas measúnachta.

### 7.2 Measúnacht Straitéiseach

I gcás iarratas a dhearbhófar a bheith incháilithe beidh siad faoi réir Measúnacht Straitéiseach a dhéanfaidh painéal Saineolaithe Seachtracha. Tá an Mheasúnacht Straitéiseach freagrach as 80% den ualú a thabharfar don mheasúnacht fhoriomlán ar an tionscadal agus cuimsíonn sí na critéir seo a leanas:

- Nuálaíocht (40% den ualú) – A mhéid atá an t-iarratasóir in ann a léiriú gur rud nua é an togra tionscadail (nach ndearnadh tástáil air nó nár cuireadh chun feidhme roimhe seo ar an talamh sa cheantar uirbeach atá i gceist agus in aon áit eile san AE) agus go bhfuil acmhainneacht shoiléir aige luach breise a sholáthar
- Comhpháirtíocht (15% den ualú) – A mhéid atá sé ábhartha baint a bheith ag príomh-gheallsealbhóirí leis an tionscadal maidir le cur chun feidhme an tionscadail (údaráis uirbeacha ábhartha, más ann dóibh, comhpháirtithe agus grúpa níos leithne geallsealbhóirí)
- Intomhaisteacht (15% den ualú) – A mhéid a sholáthróidh an tionscadal torthaí intomhaiste
- Inaistritheacht (10% den ualú) – A mhéid a bheifear in ann an tionscadal a aistriú chuig limistéir uirbeacha eile san Eoraip

Tá ceisteanna táscacha measúnachta do na critéir uile curtha i láthair i gcuid 3.2.2 de Threoir an Tionscnaimh UIA.

Déanfaidh painéal na Saineolaithe Seachtracha fíorú ar na tionsadail a chuireann leis na cuspóirí téamacha do Chistí SIE agus don Chomhchreat Straitéiseach arna sainiú sa chéad mhír d' Airteagal 9 RFC agus go molann siad freagraí comhtháite ar na dúshláin a aithnítear iontu agus go mbeidh siad ag teacht le prionsabail na forbartha inbhuanaithe uirbí. Féadfaidh an Coimisiún Eorpach agus na Saineolaithe Seachtracha cinneadh a dhéanamh gan tionscadal a roghnú mar gheall ar easpa rannchuidithe mura gcomhlíontar iad sin.

Tar éis na Measúnachta Straitéisí, déanfaidh an painéal Saineolaithe Seachtracha mionléiriú ar an measúnacht ar na hiarratais agus rangóidh sé iad. I gcomhaontú leis an gCoimisiún Eorpach, déanfar iarratais ina mbainfear scór os cionn tairseach ar leith amach a chur ar aghaidh le haghaidh Measúnachta Oibríochtúla. Tabharfar fógra d'iarratasóirí faoin gcinneadh ag deireadh phróiseas na Measúnachta Straitéisí (má bhíonn sé le dul ar aghaidh nó mura mbíonn).

### 7.3 <u>Measúnacht Oibríochtúil</u>

Is í an Rúnaíocht Bhuan a dhéanfaidh an Mheasúnacht Oibríochtúil agus beidh sí freagrach as 20% den ualú a thabharfar don mheasúnacht fhoriomlán ar an tionscadal. Is é príomhchuspóir na Measúnachta Oibríochtaí ná cáilíocht an togra a mheas (lena n-áirítear an t-údar leis an tionscadal; indéantacht, comhsheasmhacht agus comhleanúnachas an phlean oibre; cáilíocht na struchtúr bainistíochta a bheartaítear; comhleanúnachas agus comhréireacht an bhuiséid; cáilíocht na ngníomhaíochtaí cumarsáide a bheartaítear).

Tá ceisteanna táscacha measúnachta don chritéar "Cáilíocht" curtha i láthair i gcuid 3.2.3 de Threoir an Tionscnaimh UIA.

Tar éis an mheasúnaithe Oibriúcháin, tiocfaidh Coiste Roghnóireacht ar a mbeidh na Saineolaithe Seachtracha agus an Coimisiún Eorpach le chéile chun an roghnúchán deiridh a dhéanamh. Is é an Coimisiún Eoprach a dhéanfaidh an cinneadh deiridh maidir le cé na tionscadail a roghnófar. Tabharfar fógra d'iarratasóirí faoin gcinneadh ag deireadh phróiseas na Measúnachta Oibríochtaí.

### 7.4 An córas scórála don mheasúnacht

Tabharfar scór idir 1 agus 5 i leith gach critéir ualaithe, rud as a dtiocfaidh meánscór do gach tionscadal.

Tá faisnéis mhionsonraithe faoin gcóras scórála don mheasúnacht le fáil i gcuid 3.2.4 de Threoir an Tionscnaimh UIA.

Cuirfeadh an córas scórála i bhfeidhm agus sainfhiúntas gach togra tionscadail á chur san áireamh chomh maith le próiseas na hiomaíochta a chur i bhfeidhm sa dóigh is go ndéanfar measúnú comparáideach ar gach togra tionscadal eile a cuireadh isteach i gcreat na Gairme céanna Tograí. Ar an ábhar sin ní chuirfeadh scóranna ar fáil do iarratasóirí tograí tionscadail nár cuireadh ar an ngearrliosta iad do Mheasúnú Oibriúcháin nó nár ceadaíodh iad ar deireadj ach tabharfar tuairisc mhionsonraithe do na hiarratasóirí seo ar gach critéir a ndearnadh measúnú air. 8.

## 8. Soláthar poiblí, iniúchadh agus státchabhair

Comhpháirtithe tionscadail a chomhlíonann an sainmhíniú atá ar údarás conarthach de réir na reachtaíochta náisiúnta ábhartha um sholáthar, is gá dóibh cloí leis na rialacha soláthair phoiblí is infheidhme.

Ní mór caiteachas arna dhearbhú ag an tionscadal a bheith iniúchta ag iniúchóir neamhspleách. Ní mór an méid seo a leanas a chlúdach sa tuairim ón iniúchóir neamhspleách: dlíthiúlacht agus rialtacht an chaiteachais arna dhearbhú, soláthar na dtáirgí agus na seirbhísí, fóntacht an chaiteachais arna dhearbhú, agus an dóigh a bhfuil an caiteachas agus na hoibríochtaí ag comhlíonadh rialacha an Chomhphobail agus rialacha náisiúnta. Ós rud é go gceaptar agus go maoinítear an t-iniúchóir neamhspleách go díreach ag tionscadal an UIA, níor cheart costais iniúchta bheith á dtuar ag comhpháirtíocht an tionscadail le linn do bhuiséad an tionscadail a bheith á leagan amach.

Chun cothroime iomaíochta a choimeád do gach gnóthas atá gníomhach sa mhargadh inmheánach, ní mór tionscadail fhaofa a bheith i gcomhréir le rialacha Státchabhrach chun éifeachtacht caiteachais phoiblí a áirithiú agus chun saobhadh ar an margadh a chosc amhail cistiú príobháideach a bhrú

amach, struchtúir neamhéifeachtacha margaidh a chruthú agus gnólachtaí neamhéifeachtúla a chaomhnú.[11] Maidir le cistiú Gníomhaíochtaí Nuálacha Uirbeacha, ba cheart aire a thabhairt chun a áirithiú nach ndéanfar an iomaíocht a shaobhadh leo agus nach gcuirfear isteach ar an margadh léi gan chúis leormhaith. I gcoitinne, bíonn an Coimisiún Eorpach ag dúil nach mbeidh gníomhaíochtaí eacnamaíocha i gceist le tromlach na dtionscadal a mhaoineofar ag an dara gairm seo agus gur beag difear, más difear ar bith é, a dhéanfaidh tromlach na dtionscadal a mhaoineofar ag an dara gairm seo do thrádáil idir na Ballstáit .

Maoiníonn an Coimisiún Eorpach na Gníomhaíochtaí Nuálacha Uirbeacha ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (suas le 80% de chostas an tionscadail) trí bhainistíocht indíreach . Maidir le 80% de mhaoiniú na nGníomhaíochtaí Nuálacha Uirbeacha, is gá go ndéantar seiceáil ar chomhsheasmhacht na Státchabhrach chun a áirithiú go soláthraíonn tacaíocht phoiblí leas iomlán don mhargadh inmheánach. Chun a áirithiú go dteorannaítear éifeachtaí saofa acmhainní buiséid an AE, agus na cáilíochtaí nuálacha agus oscailte a bhaineann leis an UIA ó thaobh é bheith bunaithe ar ghairmeacha tograí do thionscadail a thugann réitigh chruthaitheacha chun cinn agus na téamaí ginearálta a roghnaítear do na gairmeacha, is cosúil gur cheart go raibh comhsheasmhacht maidir le Státchabhair bunaithe ar theorainn de chostas uasta EUR 500,000 de mhéid iomlán an mhaoiniúcháin UIA ar féidir a shreabhadh go gnóthas aonair a bhaineann le tionscadal ar leith.

Féadfaidh an chuid eile (ar a laghad 20% de chostas an tionscadail bheith clúdaithe ag ranníocaíochtaí príobháideacha nó poiblí. Nuair a thagann ranníocaíochtaí den chineál sin ó fhoinsí príobháideacha, titeann siad taobh amuigh de chomhthéacs dhlíthe Státchabhrach. Nuair a bhíonn ranníocaíochtaí ann ó acmhainní poiblí Ballstáit ar thionscadail  a mbaineann  le “gníomhaíochtaí eacnamaíochta” áfach, .i. earraí agus seirbhísí a thairiscint ar an margadh, ansin ba cheart na tionscadail sin a bheith deartha sa dóigh is go gcomhlíonann aon ranníocaíocht poiblí rialacha Státchabhrach ag gach leibhéal, is é sin ag leibhéal úinéara, cruthaitheora agus/nó oibritheora an tionscadail nó na saoráide. I gcásanna den chineál sin, ba cheart go mbeadh an maoiniú poiblí a chuirtear ar fáil ag teacht le ceanglais an Rialacháin De Minimus, nó le coinníollacha mar a leagtar amach iad i Rialachán an General Block Exemption Regulation (GBER) nó sa SGEI Decision for Services of General Economic interest.

[11] Féadtar teacht ar thuilleamh treorach ar choincheap Státchabhrach, féach ar fhógra an Choimisiúin maidir le coincheap Státchabhrach dá dtagraítear in Airteagal 107(1) CFAE (‘NOA’), le fáil ag: http://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/PDF/?uri=CELEX:52016XC0719(05)&from=EN.

Tá faisnéis mhionsonraithe faoi sholáthar poiblí agus faoi Státchabhair le fáil i gcuid 4.4.6 agus i gcuid 4.4.7 de Threoir an Tionscnaimh UIA.

## 9. Conas cúnamh a fháil

Beidh foireann na Rúnaíochta Buaine sásta cúnamh a thabhairt d'iarratasóirí maidir le haon cheist theicniúil a bhíonn acu le linn na Gairme Tograí. Féadfaidh sonraí teagmhála a fháil ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh UIA.

Chomh maith leis sin, eagróidh an Rúnaíocht Bhuan roinnt Seimineár d'Iarratasóirí i gcathracha éagsúla ar fud na hEorpa. Féadfaidh dátaí agus ionaid na Seimineár d'Iarratasóirí a fháil sa rannán "Imeachtaí" de shuíomh Gréasáin an Tionscnaimh UIA. Le linn na seimineár sin, beidh deis ag rannpháirtithe cruinnithe déthaobhacha a chur in áirithe le comhaltaí den Rúnaíocht Bhuan agus le hionadaithe ón gCoimisiún Eorpach chun a smaoineamh i leith tionscadail a phlé. Anuas air sin, eagrófar seimineáir ghréasáin ar shainghnéithe de fhorbairt an tionscadail agus de chur isteach an iarratais. Féadfar teacht ar dhátaí agus ar ábhair na seimineár gréasáin sa rannán "Imeachtaí" ar shuíomh gréasáin an Tionscnaimh UIA. Ar deireadh, eagróidh an Rúnaíocht Bhuan seisiúin Ceisteanna & Freagraí ar líne agus comhairliúcháin dhéthaobhacha. Cuirfear tuilleadh faisnéise ar fáil ar an leathanach gréasáin atá tiomnaithe don cheathrú Gairm Tograí ar láithreán gréasáin UIA.

## 10. Dátaí tábhachtacha

- 15/10/2018 – Seoladh an cheathrú Gairm Tograí
- 11/2018 – 12/2018 – Seimineáir agus seimineáir ghréasáin na n-iarratasóirí
- 31/01/2019 – Spriocdháta le haghaidh chur isteach na bhFoirmeacha Iarratais
- 07/2019 – Dáta táscach le haghaidh an chinnidh dheiridh ar fhormheas na dtionscadal
- 09/2019 – Dáta táscach tosaigh le haghaidh tionscadail fhormheasta

**Táimid ag súil le tograí tionscadal a léamh go luath!**